

AMHRÁN NA LÁIDHE.

File a heitigheadh i gcear

Soraidh dhíbh a ghaibhne nach sibh a bhí go cladhrach
is mé eiteach faoi thaidhbhse de láidhe
go raibh eolas faoi agam ar dhaoine a mbeadh a mbuidéal ag tigheacht is é líonta
nuair a thiocfadh fear an tsiamsa i láthair,
an t-am a raibh na Ríghte ag cogadh leis na draoidhthe
badh é bulcan an fear ab fhírinne lámh-ord
sgur fhág sé litir sgríobhta ag a dtiocfaidh ina dhiaidh choidhchin
gan file a eiteach coidhchin i gceardchaim.

Dá mbéinn-se i gCondae an Chláir, i nGaillimh, nó sa Spáinn,
Nó thiar i mbarr Árd Béara,
nó i gCill Cholgáin na rástaí, an áit a mbíonn na báirí,
ag breathnú ar na mná a bhíos gléasta
le súil is go bhfuinn-se fáisnéis ar dhuine eigint a bhfágailt
a mbeadh soineantacht is cáilidheacht ina éadan
a thiubhradh domsa spás trí seachtainí amháin
's a liachta fear go fán ceal a shéasúir.

Ach tiocfaidh an lá go fóill is go suidhfis mé ar mo sheol
agus beidh airgead dhá comhaireamh ag na mná dom
ceannochaidh mé láidhe bhinn a bhéas ag obair le mo thaobh
is gur geall le tambourine í istigh i ngairdín.

Micheál Mharcuis Mhuighinse a rinne.